

EASA
European Aviation Safety Agency

# Cén fáth go bhfuil eitlíocht sábháilte?

Treoir ghasta ar an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta



# Mar déantar ***deimhniú*** ar aerárthaí sula dtugtar cead eitilte dóibh

-- Déanann na húdaráis um shábháilteacht eitlíochta deimhniú ar gach aerárthach a tháirgtear sula dtugtar cead eitilte dó. Is ionann deimhniú táirge agus measúnú neamhspleách ar dhearadh agus dearbhú go gcloíonn sé leis na caighdeáin sábháilteachta atá bunaithe leis na blianta. Tá EASA freagrach as gach aerárthach a tháirgtear agus a dheartar san Eoraip a dheimhniú.

Ní thagann deireadh le hobair EASA nuair a théann táirge i mbun seirbhíse; is ansin a chuirtear tús leis an obair i ndáiríre. Coinnítear an leibhéal sábháilteachta tosaigh le linn saolré iomlán an táirge.

# Mar déantar ***monatóireacht leanúnach*** ar shábháilteacht eitlíochta

-- Déantar monatóireacht ar na saincheisteanna sábháilteachta uile a bhaineann le heitlíocht. Tá dualgas ar oibritheoirí aerárthaí, ar eagraíochtaí a dhéanann cothabháil ar aerárthaí, mar aon le haonáin eile in eitlíocht tuairisciú a dhéanamh ar aon saincheisteanna sábháilteachta a bhraitheann siad. Déantar anailís ar na tuarascálacha chun aon ábhair imní a aithint. Cuireann an mhonatóireacht leanúnach seo ar chumas aon fhadhbanna féideartha a bhrath go luath. Glacann EASA le gníomh feiliúnach agus láithreach chun a chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin sábháilteachta is airde.

# Mar déantar athbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar ***rialacha sábháilteachta***

– Éilíonn feabhsú na gcaighdeán um shábháilteacht eitlíochta agus cosaint comhshaoil go ndéanfaí athbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar rialacha de réir an eolais eolaíochta is déanaí. Déantar dréachtú agus oiriúnú ar na rialacha chun teicneolaíocht agus riachtanais athraitheacha na heitlíochta a léiriú agus sábháilteacht mar chéad tosaíocht. Cuireann EASA comhairle ar an gCoimisiún Eorpach maidir le rialacha sábháilteachta agus tá sí freagrach as cur síos a dhéanamh i dtéarmaí dlíthiúla ar na bealaí is fearr le hardleibhéal sábháilteachta a bhaint amach. Déantar athbhreithniú ar rialacha i gcomhar le tionscal agus le saoránaigh chun a chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir leis na haidhmeanna atá acu.

# Mar tá na rialacha céanna um shábháilteacht eitlíochta i bhfeidhm ***ar fud na hEorpa***

– Cé go bhfuil rialacha a ndéantar feabhsú leanúnach orthu mar bhonn fónta le córas eitlíochta sábháilte, tá meicníocht ann lena chinntiú go gcuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go comhsheasmhach. Tá EASA freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na rialacha um shábháilteacht eitlíochta ag údaráis náisiúnta eitlíochta i ngach Ballstát. Déanann an Ghníomhaireacht é seo trí iniúchtaí réamhghníomhacha. Ag an am céanna, cuireann sí oiliúint agus comhairle ar fáil d'údaráis. Bíonn oibritheoirí neamh-Eorpacha faoi réir iniúchtaí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na hardchaighdeáin sábháilteachta céanna lena gcuid contrapháirtithe Eorpacha. Déanann EASA comhordú ar na hiniúchtaí seo ar leibhéal Eorpach. I gcás sáruithe sábháilteachta, glacann an Coimisiún Eorpach le bearta cuí.


# Mar baineann sábháilteacht leas as ***comhar idirnáisiúnta***

– Is gníomhaíocht idirnáisiúnta é iompar aeir agus mar sin éilíonn sábháilteacht eitlíochta iarracht chomhbheartaithe ó eagraíochtaí iomadúla ar leibhéal idirnáisiúnta. Tugann EASA faoin tasc i leith saineolas teicniúil agus ionadaíocht a sholáthar d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, painéil theicniúla agus grúpaí oibre. Chomh maith leis sin, oibríonn an Ghníomhaireacht go dlúth le húdaráis um shábháilteacht eitlíochta lasmuigh den Aontas Eorpach d'fhonn sábháilteacht a chur chun cinn a thuilleadh ar scála domhanda.



# Is í do shábháilteacht ár misean





# An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA)

**Bunaithe:**
2003 ar bhonn Rialacháin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle (1592/2002).

**Láthair:**
Cologne, An Ghearmáin
Bhruiséil, An Bheilg

**Uiríll Bhuana:**
Béising, Montréal, Washington

**Baill:**
28 Ballstát an AE, mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.



***Seoladh poist***
Bosca poist
10 12 53
D-50452 Cologne
Germany

***Seoladh cuairte***
Ottoplatz 1
D-50679 Cologne
Germany

**Teil.** +49_221_8999-0000
**Facs** +49_221_8999-0999
**R-Phost** info@easa.europa.eu

***easa.europa.eu***

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh.

